Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/401

23.11.2023

P9_TA(2023)0078

# An Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch 2023

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Márta 2023 maidir leis Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch le haghaidh 2023 (2022/2150(INI))**

(C/2023/401)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe Airteagail 121(2) agus 136 de,

— ag féachaint do Phrótacal Uimh. 1 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach,

— ag féachaint do Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann le CAE agus le CFAE maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm,

— ag féachaint don Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta,

— ag féachaint do Chomhaontú Pháras faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe,

— ag féachaint do Threoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát ([1]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1177/2011 ón gComhairle an 8 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro ([3]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú ([4]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú ([5]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([6]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar na Ballstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais ([7]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú ([8]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ([9]) (an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta),

([1]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 41.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 33.
([3]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 1.
([4]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 8.
([5]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 12.
([6]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.
([7]) IO L 140, 27.5.2013, lch. 1.
([8]) IO L 140, 27.5.2013, lch. 11.
([9]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta [10] (Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 dar teideal Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation [Deis na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile] (COM(2020)0456),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 dar teideal Economic policy coordination in 2021: overcoming COVID-19, supporting the recovery and modernising our economy [Comhordú an bheartais eacnamaíoch in 2021: COVID-19 a shárú, tacú leis an téarnamh agus ár ngeilleagar a nuachóiriú] (COM(2021)0500),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal The European Pillar of Social Rights Action Plan [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (COM(2021)0102),

— ag féachaint do Ghealltanas Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021 ón gComhairle, ón gCoimisiún, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na comhpháirtithe sóisialta,

— ag féachaint don mheasúnú ón mBord Fioscach Eorpach an 16 Meitheamh 2021 ar an staid fhioscach atá iomchuí don limistéar euro in 2022,

— ag féachaint do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 ar thuairimí na Parlaiminte maidir leis an measúnú reatha ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta [11],

— ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2020 ar an bPlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe – Conas is féidir an Comhaontú Glas a mhaoiniú [12],

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil ón mBord Fioscach Eorpach an 26 Deireadh Fómhair 2022,

— ag féachaint do rún uaithi an 8 Iúil 2021 ar an athbhreithniú ar an gcreat reachtach maicreacnamaíoch chun tionchar níos fearr a imirt ar fhíorgheilleagar na hEorpa agus trédhearcacht na cinnteoireachta agus na cuntasachta daonlathaí a fheabhsú [13],

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch AE (COM(2022)0583),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2022 dar teideal Annual Sustainable Growth Survey 2022 [Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2022] (COM(2022)0780),

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 22 Samhain 2022 dar teideal Alert Mechanism Report 2023 [an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh] (COM(2022)0781), agus do mholadh ón gCoimisiún an 22 Samhain 2022 le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (COM(2022)0782),

— ag féachaint do thogra le haghaidh tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle an 22 Samhain 2022 (COM(2022)0783),

— ag féachaint do Réamhaisnéis Eacnamaíoch Fhómhar 2022 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2022,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

— ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0044/2023),

A. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag an Seimeastar Eorpach maidir le beartais eacnamaíocha agus buiséadacha a chomhordú sna Ballstáit, agus ar an gcaoi sin cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a choimirciú; de bhrí nár cheart, leis an bpróiseas sin, neamhaird a thabhairt ar chuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ná ar shaincheisteanna eile a bhaineann leis an earnáil airgeadais agus an cánachas; de bhrí nár cheart go mbainfeadh comhtháthú na saincheisteanna sin óna fhócas eacnamaíoch agus fioscach den chuid is mó;

B. de bhrí, de réir réamhaisnéis eacnamaíoch an gheimhridh ón gCoimisiún, go meastar gur 3,5 % a bheidh i ráta fáis na holltáirgeachta intíre (OTI) le haghaidh 2022 do AE-27 agus don limistéar euro, ach go meastar go dtitfidh sé in 2023 go 0,9 % agus 0,8 % don limistéar euro agus do AE-27 faoi seach; de bhrí nach mbeidh roinnt Ballstát in ann OTI a bhí ann roimh an bpaindéim a bhaint amach go dtí 2024, agus go bhfuil an limistéar euro ina iomláine dhá phointe céatadáin os a chionn cheana féin; de bhrí go léirítear le measúnú an Choimisiúin ar dhréachtphleananna buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro go bhfuil seasamh fioscach leathnaitheach*** ann i roinnt Ballstát; de bhrí go bhfuil an moladh ón gCoimisiún maidir leis an mbeartas eacnamaíoch don limistéar euro ina iomláine do staid fhioscach neodrach do 2023;

[10] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[11] *IO C 67, 8.2.2022, lch. 90.*
[12] IO C 415, 13.10.2021, lch. 22
[13] IO C 99, 1.3.2022, lch. 191.

C. de bhrí, de réir réamhaisnéis gheimhridh an Choimisiúin, gur cheart gur 8,4 % an buaicleibhéal a bhainfeadh an boilsciú amach sa limistéar euro in 2022 agus ansin go dtiocfadh laghdú air de réir a chéile go 5,6 % in 2023 agus 2,5 % in 2024; de bhrí, áfach, de réir na meastachán i réamh-mheastacháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), go meastar go n-ardóidh boilsciú, gan fuinneamh agus bia a áireamh, ó 3,9 % in 2022 go 4,2 % in 2023; de bhrí go meastar faoi láthair nach ndéanfaidh fás pá ach caillteanais i bhfíorioncaim a mhaolú go páirteach, gan lúb leanúnach aiseolais idir pá agus boilsciú a spreagadh; de bhrí go bhfuil éagsúlacht sa leibhéal boilscithe ar fud na mBallstát agus ar fud grúpaí ioncaim, agus go bhfuil grúpaí ar ioncam íseal ag fulaingt níos comhréirí, go háirithe ós rud é gurb iad forbairtí praghais in earraí riachtanacha nach féidir ionadú a dhéanamh orthu is cúis leis an mboilsciú den chuid is mó;

D. de bhrí, de réir réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún, go meastar go méadóidh an t-easnamh rialtais go 3,6 % de OTI in 2023 (3,7 % sa limistéar euro) agus go laghdóidh sé go 3,2 % de OTI in 2024 (3,3 % sa limistéar euro);

E. de bhrí, de réir réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún, go meastar go dtitfidh an cóimheas fiachais-OTI go 86 % in AE ag deireadh 2022 (94 % sa limistéar euro) ón leibhéal ard fiachais de 91,5 % a taifeadadh in 2020 (99 % sa limistéar euro); de bhrí go meastar go dtiocfaidh laghdú beag ar an gcóimheas fiachais-OTI in AE go thart ar 85 % in 2023 agus ar 84 % in 2024 (92 % agus 91 % sa limistéar euro); de bhrí go bhféadfadh na cóimheasa arda fiachais le OTI, atá go mór os cionn luach tagartha 60 %, in éineacht le rátaí úis atá ag ardú i staid mhaicreacnamaíoch an-éiginnte, inbhuanaitheacht fhadtéarmach fiachais a chur i mbaol agus go bhféadfaidís a bheith ina mbac ar an téarnamh;

F. de bhrí nach féidir rath a bheith ar an gclaochlú atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus digiteach ach ar an leibhéal Eorpach, agus de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach d'inmharthanacht AE amach anseo infheistíochtaí spriocdhírithe feabhsaithe fáis a chobhsú ar leibhéal níos airde san fhadtéarma; de bhrí gur gá, dá bhrí sin, freagra tráthúil a thabhairt ar an tsaincheist maidir le conas leibhéal níos airde infheistíochta príobháidí agus poiblí a áirithiú, fiú tar éis dhul in éag ionchasach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) in 2026;

G. de bhrí go bhfuil fás táirgiúlachta AE fós íseal; de bhrí go bhfuil gá le hathchóirithe struchtúracha, atá cothrom ó thaobh na sochaí de, lena gcothaítear fás agus inbhuanaithe, agus leibhéal suntasach infheistíochta, go háirithe na hinfheistíochtaí straitéiseacha, chun táirgiúlacht agus iomaíochas domhanda AE a fheabhsú;

H. de bhrí go bhfuil boilsciú agus réamhaisnéisí eacnamaíocha ag feidhmiú faoi dhálaí éiginnteachta méadaithe; de bhrí go gcuireann an éiginnteacht sin iallach ar AE agus ar na Ballstáit fanacht ar an airdeall agus gníomhaíocht mhear a dhéanamh má thagann rioscaí chun cinn;

I. de bhrí go léiríonn na difríochtaí maidir leis na réamhaisnéisí náisiúnta maidir le fás OTI, boilsciú, dífhostaíocht, comhardú ginearálta an rialtais, ollfhiachas poiblí agus comhardú an chuntais reatha an gá atá le cineálacha cur chuige solúbtha agus saincheaptha; de bhrí go bhfuil gá le creat soiléir agus gan débhrí chun go gcuirfidh na Ballstáit an rialachas eacnamaíoch nua chun feidhme go rathúil;

***Ionchais eacnamaíocha do AE***

1. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil AE ar cheann de na geilleagair shárfhorbartha is mó atá neamhchosanta ar rioscaí ar an taobh thíos, i bhfianaise a ghaireachta geografaí don Úcráin agus an spleáchais mhóir atá aige ar allmhairí fuinnimh, go háirithe ar an ngás ón Rúis; á chur i bhfáth gurb é an toradh a bhíonn ar thionchar praghsanna arda fuinnimh agus boilscithe go gcreimtear cumhacht ceannaigh teaghlaigh agus iomaíochas tionscail, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); ag aithint thionscnaimh an Choimisiúin agus na Comhairle chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin; á mheabhrú go mbeidh ráta boilscithe a bheidh ag druidim le sprioclеibhéal BCE ina choinníoll d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe fadtéarmach; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh titim ghéar ar infheistíocht agus, dá bhrí sin, ar fhás eacnamaíoch teacht as laghdú ar chomhiomlánú an éilimh, in éineacht le coinníollacha maoiniúcháin nach bhfuil chomh fabhrach céanna; á chur in iúl agus é ina ábhar imní di go bhféadfadh infheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh a bheith thíos leis freisin, cé gurb iad sin go beacht na hinfheistíochtaí is gá chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú agus chun an boilsciú arna spreagadh ag praghsanna fuinnimh a theorannú;

2. á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil méadú tagtha ar leibhéil fiachais go OTI an rialtais le blianta beaga anuas, go páirteach mar gheall ar na himthosca eisceachtúla; á chur i bhfios go láidir go bhfuil cóimheasa fiachais rialtais le OTI i roinnt mhaith Ballstát níos airde ná mar a bhí riamh, rud a d'fhág, in éineacht leis na rátaí úis atá ag ardú, go bhfuil méadú géar tagtha ar chostais seirbhísithe fiachais; ag aithint go bhfuil gá le hioncam poiblí leormhaith agus intuartha chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a áirithiú tráth a bhíonn riachtanais phráinneacha infheistíochta agus suaitheadh eacnamaíoch ann go minic; á thabhairt chun suntais gur thug an Coimisiún barúlacha éagsúla uaidh mar chuid den Seimeastar Eorpach maidir leis an meascán cánach; á chur i bhfios go láidir, sna himthosca reatha, go bhféadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar ioncaim a ardú ó bhrabúis amhantair, go háirithe ioncam ó na cuideachtaí fuinnimh a bhain an iomarca tairbhe as an ngéarchéim fuinnimh; ag athdhearbhú go bhfuil gá le fás eacnamaíoch láidir, beartais fhónta fhioscacha agus cothromaíocht shláintiúil idir ioncam rialtais agus caiteachas chun fiachas leagáide a laghdú, chun an fiachas a dhéanamh inbhuanaithe san fhadtéarma agus chun an spás fioscach is gá a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo;

3. ar aon intinn leis an tuairim ón gCoimisiún go bhfuil méadú tagtha ar na leochaileachtaí agus ar an riosca a bhaineann leis na míchothromaíochtaí atá ann cheana, agus go bhféadfadh míchothromaíochtaí nua teacht chun cinn mar gheall ar dhálaí eacnamaíocha atá ag dul in olcas; ag tabhairt dá haire gur eisigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach rabhadh inar iarradh feasacht mhéadaithe maidir leis na rioscaí cobhsaíochta airgeadais a eascraíonn as praghsanna sócmhainní atá ag titim go mór; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh rátaí morgáiste atá ag ardú agus an meath ar chumas seirbhísithe fiachais mar thoradh ar an laghdú ar ioncam réadach teaghlaigh a bheith ina gcúis le tuilleadh anacra do theaghlaigh agus do mhargaí airgeadais;

4. á chur i bhfáth gurb é príomhchuspóir BCE cobhsaíocht praghsanna a choimeád, cé gur cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an Aontas ina iomláine tionchar an tsuaite atá ann faoi láthair ar an bhfíorgheilleagar a íoslaghdú, agus ar an gcaoi sin dea-bhail a chuid saoránach a chosaint, go háirithe na daoine is leochailí, agus a struchtúr táirgthe agus iomaíochas idirnáisiúnta a chuideachtaí a chaomhnú, chomh maith le dálaí oibre cuibhiúla, i gcomhréir le hAirteagal 3 CAE; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, a thábhachtaí atá beartais fhioscacha, struchtúracha agus rialála agus athchóirithe fioscacha, struchtúracha agus rialála atá leormhaith agus comhordaithe lena gcomhlánaítear gníomhaíochtaí beartais airgeadaíochta BCE chun boilsciú a laghdú go dtí a spriocleibhéal, ar beartais iad freisin atá in ann tacú le hioncaim theaghlaigh agus tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar do chuideachtaí atá thíos le scrogaill soláthair agus costais arda fuinnimh; ag tabhairt dá haire gur chuir méaduithe breise ar phríomhrátaí beartais BCE nó géarú cainníochtúil brú suntasach ar Bhallstáit a bhfuil fiacha móra acu agus go bhféadfadh siad gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh tuilleadh;

5. ar aon intinn leis an gconclúid ón gCoimisiún nach mbeadh spreagadh fioscach leathan don gheilleagar iomchuí in 2023; á chur in iúl gur díol sásaimh di an iarraidh ón gCoimisiún ar na Ballstáit bearta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar chuideachtaí leochaileacha a fhritháireamh; ag aontú leis an gCoimisiún agus é á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcoinneofaí dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh leis na bearta sin; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur léiríodh in anailís ón gCoimisiún nach raibh 70 % de na bearta a thug na Ballstáit isteach go dtí seo chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe eisceachtúil ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí neamhchosanta, agus nach raibh forálacha san áireamh in dhá thrian díobh chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú; á mheabhrú go bhfuil spásanna fioscacha éagsúla ag na Ballstáit a mhéid a bhaineann le bearta a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh an ghéarchéim fuinnimh a chomhrac; ag tabhairt dá haire go bhfuil an baol ann go gcuirfear leis an éagsúlacht idir na Ballstáit de réir mar a leanann an ghéarchéim fuinnimh ar aghaidh leis an staid sin;

6. á aontú leis an moladh ón gCoimisiún gur cheart go mbeadh sé d’aidhm ag beartais fhioscacha seasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú trí chomhdhlúthú de réir a chéile agus trí infheistíocht agus trí athchóirithe lena bhfeabhsófar fás inbhuanaithe;

7. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) mar ghné ríthábhachtach chun saoránaigh a chosaint agus chun iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú; á chur i bhfios go láidir go soláthraíodh cobhsú maicreacnamaíoch AE a bhuí leis an ionstraim sin trí thacaíocht a thabhairt do bheartais fhioscacha frith-thimthriallacha náisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit uile a spreagadh chun a scéimeanna sochair dífhostaíochta náisiúnta a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún tógáil ar thaithí SURE a bhí bunaithe ar iasachtaí le haghaidh géarchéimeanna ina bhfuil easpa acmhainní leordhóthanacha ag scéimeanna náisiúnta ar bhonn sealadach, agus ar an gcaoi sin an cobhsú maicreacnamaíoch a d’fhéadfadh a bheith ann a theorannú; á iarraidh ar an gCoimisiún barúlacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur san áireamh maidir le cur chun feidhme agus trédhearcacht ionstraim SURE;

8. á chreidiúint go ndéanfadh neamhthuilleamaíocht fuinnimh na hEorpa, éagsúlú foinsí fuinnimh agus naisc fheabhsaithe fuinnimh laistigh den Eoraip geilleagar an Aontais a neartú agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach;

***An Seimeastar Eorpach agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta***

9. á thabhairt faoi deara go bhfuil tionchar suntasach ag ionstraim Next Generation EU (NGEU) mar a mheas an Coimisiún, BCE agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, go háirithe méadú suas le 1,5 % níos airde ar fhás OTI ná mar a bheadh gan infheistíocht NGEU má chuirtear an ionstraim chun feidhme go héifeachtach; á chur i bhfáth go bhfuil formhór na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, atá ríthábhachtach chun leibhéil aschuir fhadtéarmacha na mBallstát a mhéadú, le tabhairt chun críche go fóill; á aontú leis an gCoimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí iomaíochas an Aontais agus a acmhainneacht fhadtéarmach don fhás inbhuanaithe a neartú chun cur leis an rathúnas eacnamaíoch agus leis an leas sóisialta;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil go leor Ballstát thíos le dúshláin struchtúracha agus easpa infheistíochta, rud a chuireann bac ar a n-acmhainneacht fáis; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé ríthábhachtach dul i ngleic leis an dá ghné sin ar bhealach cothrom chun téarnamh inbhuanaithe agus fás leanúnach a bhaint amach, agus go bhfuil sé ríthábhachtach, ní hamháin chun feabhas a chur ar chumas an Aontais na dúshláin atá ann cheana a sheasamh agus déileáil leo, ach freisin chun an dá aistriú a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe agus cothrom;

11. á mheabhrú gurb é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch an creat bunaithe chun na beartais bhuiséadacha, eacnamaíocha, shóisialta agus fostaíochta a chomhordú ar fud an Aontais Eorpaigh, agus ar an gcaoi sin, a chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus a chomhtháthú sóisialta a chosaint; á mheabhrú gur chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé d'aidhm ag an Seimeastar Eorpach roghanna beartais ábhartha a shainaithint, tosaíochtaí beartais a shoiléiriú, treoir beartais a chur ar fáil agus faireachán ar bheartais agus obair leantach a áirithiú;

12. á chreidiúint gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag athchóirithe amach anseo ar an Seimeastar Eorpach próiseas níos trédhearcaí agus níos daonlathaí a bheith ann a bhaineann le cuspóirí beartais a shainiú agus comhordú beartais a dhéanamh, chomh maith le rannpháirtíocht na Parlaiminte san fhaireachán agus sa ghrinnscrúdú;

13. á chur in iúl gur geal léi an dlúthnasc idir an Seimeastar Eorpach agus cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, lena gcaithfidh na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (NRRPanna) a bheith comhsheasmhach leis na dúshláin agus na tosaíochtaí tírshonracha ábhartha a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, chomh maith leis na cinn a sainaithníodh sna moltaí is déanaí ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról lárnach ag na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta maidir le cláir oibre athchóirithe agus infheistíochta na mBallstát a chur chun cinn; á iarraidh go ndéanfar faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha; ag tabhairt dá haire, lasmuigh de raon feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, go leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar na moltaí nach dtugtar aghaidh orthu faoi chreat an tSeimeastair Eorpaigh;

14. á mheabhrú go bhfuil moltaí tírshonracha faighte ag sé Bhallstát ó 2019 i leith arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den chóras cánach a d'fhéadfadh pleanáil ionsaitheach cánach a éascú; ag tabhairt dá haire gur thug na Ballstáit sin gealltanais ina gcuid NRRPanna chun a mbeartais chánach a athchóiriú ar mhaithe le pleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil roinnt de na hathruithe sin curtha chun feidhme cheana féin ag roinnt dlínsí; á chur in iúl gurb oth léi na moilleanna ar an gcur chun feidhme sna dlínsí eile; á mheabhrú, sna moltaí ón gCoimisiún do 2022, nach bhfuair ach dhá Bhallstát moladh tírshonrach maidir le pleanáil ionsaitheach cánach, cé nár chuir cuid acu aon athruithe chun feidhme go fóill, ach nach bhfuair siad moladh mar sin féin;

15. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir le cur leis na huirlisí is gá a thabhairt don Aontas chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar na dúshláin dhomhanda a eascraíonn as an aistriú glas agus as claochlú digiteach an gheilleagair; á mheabhrú nach dtagann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in ionad ról sonrach na n-infheistíochtaí náisiúnta poiblí agus príobháideacha chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach ina leith sin;

***Teachtaireacht maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch AE***

16. ag tabhairt dá haire maidir leis an mbealach beartais a cruthaíodh le gníomhachtú an chlásail éalaithe ghinearálta, go rannchuidíonn sé le hiomaíochas na mBallstát a neartú chomh maith lena n-athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta sna himthosca reatha; á aontú leis an anailís a rinne an Bord Fioscach Eorpach go bhfuil folús díobhálach á chruthú le fionraí leanúnach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú práinneach ar chreat fioscach an Aontais, a bheadh le comhlánú, más féidir, sula ndíghníomhachtófar an clásal ginearálta éalaithe;

17. á chur in iúl gur geal léi foilsiú na teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch AE; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an mhoill atá uirthi; á chur i bhfáth gur gá tograí reachtacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme sula mbeidh an t-am caite agus sula dtiocfaidh deireadh leis an reachtas reatha; á chur i bhfios go láidir go mbraitheann éifeachtacht gach creata ar a fhorfheidhmiú cuí freisin;

18. ag aontú le treoshuíomhanna an Choimisiúin a mhéid a bhaineann leis an gcreat a shimpliú, leis na difríochtaí i gconairí na mBallstát maidir le laghdú an fhiachais, agus leis an úsáid a bhaintear as anailís chuimsitheach ar inbhuanaitheacht an fhiachais; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún úinéireacht náisiúnta na gconairí fioscacha a neartú, bunaithe ar chreat faireachais AE atá trédhearcach agus rioscabhunaithe, agus ar an gcaoi sin conair ardsolúbthachta agus ardchuntasachta a shaothrú; á mheabhrú go bhfuil ardfhreagracht ag baint le solúbthacht fheabhsaithe do na Ballstáit, go háirithe maidir le cur chun feidhme éifeachtach agus tráthúil na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe a comhaontaíodh; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh roinnt uirlisí a mhol an Coimisiún próiseas an rialachais eacnamaíoch a dhéanamh níos doiléire;

19. á chur i bhfáth gur cheart, leis an gcreat rialála athbhreithnithe, go mbeadh deis leordhóthanach ag na Ballstáit bearta cinntitheacha réitigh géarchéime a chur i gcrích nuair is gá sin; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár cheart go mbeadh sé de dhíth forálacha rialála a chur ar fionraí trí bhíthin clásail éalaithe chun na bearta sin a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire gur cheart go leanfadh gníomhachtú clásal éalaithe de bheith ina rogha dheiridh i gcás imthosca gan choinne amach anseo;

20. á chur in iúl gur geal léi rogha an ghlanchaiteachais phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta mar tháscaire oibríochtúil aonair; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh an táscaire sin, ós rud é go bhfuil sé fréamhaithe in inbhuanaitheacht fiachais, cabhrú leis an gcreat a bheith níos trédhearcaí agus níos éasca a bhainistiú; á iarraidh go ndéanfar an fhoráil a bhaineann le cuntasaíocht ar chaiteachas infheistíochta i ríomh chaiteachas na mBallstát a leagtar síos sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le solúbthacht sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis an 13 Eanáir 2015 ([14]) a chur i bhfeidhm freisin i ríomh an ghlanchaiteachais sa chreat athbhreithnithe atá beartaithe do rialachas eacnamaíoch an Aontais; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, in éineacht leis na cineálacha caiteachais a shonraigh an Coimisiún sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 ([15]) agus ina ndéantar foráil cheana maidir le méid coigeartaithe struchtúraigh ar an táscaire, gur cheart infheistíocht i réiteach míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha mar chuid den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) a dhíolmhú ón táscaire glanchaiteachais;

21. ag tabhairt dá haire go gcuirtear anailísí ar inbhuanaitheacht an fhiachais i gcroílár na rialacha fioscacha sa teachtaireacht ón gCoimisiún agus á mholadh iad a úsáid chun pleananna struchtúracha fioscacha ilbhliantúla a chinneadh; á chur i bhfios go láidir go n-éilíonn anailísí ar inbhuanaitheacht an fhiachais fós meastachán a dhéanamh ar athróga dobhraite, rud a bhaineann an bonn ón trédhearcacht agus a chuireann bac ar úinéireacht agus ar intuarthacht, agus, dá bhrí sin, go bhfágtar spás le haghaidh discréide;

22. ag tabhairt dá haire, mar gheall ar phointí tosaithe éagsúla agus leis an aidhm infheistíocht agus athchóirithe a spreagadh, go molann an Coimisiún cead a thabhairt do na Ballstáit conairí éagsúla maidir le laghdú an fhiachais a bheith acu, ar choinníoll go gcuirfidh na conairí sin leis an bhfás agus go seachnófar comhchiogalacht leo, go bhfeabhsófar inbhuanaitheacht fiachais leo agus go mbeidh siad i gcomhréir le cuspóirí an Aontais, go háirithe cuspóirí an aistrithe ghlais, an aistrithe dhigitigh, na hathléimneachta sóisialta agus na huathrialach straitéisí; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le critéir choiteanna chun a áirithiú, in ainneoin níos mó solúbthachta a bhaineann go sonrach le tír faoi leith i laghdú fiachais, go ndéanfar measúnú ar na Ballstáit uile de réir na gcaighdeán céanna, go gcaithfear go cothrom leo, agus nach mbeidh forfheidhmiú éagothrom an chreata fhoriomláin mar thoradh ar bith ar an tsolúbthacht; ag tabhairt dá haire gur cheart go n-áireofaí leis na critéir chomhchoiteanna critéir chun conairí na mBallstát maidir le laghdú an fhiachais a shainiú; á chur i bhfáth gur cheart laghdú fiachais a bhaint amach ar bhealach lena gcothófaí fás agus gur cheart na bunchritéir rialála a shainiú i ndáil le haschur agus fás caiteachais na mBallstát;

23. á chur i bhfios go láidir go gcuirtear san áireamh sa Seimeastar Eorpach an creat a bheidh ann amach anseo maidir le comhordú an bheartais eacnamaíoch; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh mar thoradh ar an bhfócas meántéarmach sin go ndéanfaí iarrachtaí riachtanacha maidir le comhdhlúthú fioscach a bhrú siar go rófhada ó thaobh ama de;

24. á chur i bhfáth gur gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun dul i ngleic le seachaint cánach agus imghabháil cánach san Aontas agus i bhfóraim dhomhanda mar chomhlánú riachtanach ar an athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais;

25. á chur i bhfáth an ról lárnach is gá a bheith ag na buiséid náisiúnta maidir leis an dá aistriú a mhaoiniú, chomh maith leis an uathriail straitéiseach a chaomhnú; ag tabhairt dá haire an togra ón gCoimisiún maidir le Ciste Eorpach Ceannasachta a bhunú; ag meabhrú a seasaimh maidir leis an ionstraim sin mar a cuireadh in iúl i rún uaithi an 16 Feabhra 2023 maidir le straitéis AE chun borradh a chur faoin iomaíochas tionsclaíoch, faoin trádáil agus faoi phoist ardcháilíochta ([16]);

26. ag tabhairt dá haire, cé go ndéantar an beartas airgeadaíochta a cheapadh agus a dhearadh mar ionstraim aonair, go bhfuil an beartas fioscach foriomlán mar thoradh ar bheartais fhioscacha náisiúnta a chomhiomlánú; á chur i bhfios go láidir, cé is moite den mholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, go bhfuil comhordú gníomhaíochtaí teoranta go dtí seo agus nach raibh sé éasca staid agus dúshláin an limistéir euro a chur san áireamh; á thabhairt faoi deara go bhfuil sé fós éiginnte den chuid is mó an dtiocfaidh staid fhioscach an limistéir euro, ar staid í atá iomchuí agus comhsheasmhach leis an mbeartas airgeadaíochta, as comhiomlánú beartas fioscach náisiúnta; á chur i bhfáth, cé go bhfágfadh maoiniú poiblí láidir go bhféadfadh cobhsaitheoirí náisiúnta uathoibríocha cabhrú leis na Ballstáit seasamh fioscach náisiúnta iomchuí a bhaint amach, nach sainaithnítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún aon sásraí iomchuí chun a áirithiú go bhfuil staid fhioscach iarbhír an limistéir euro i gcomhréir leis an staid atá molta; á iarraidh ar an gCoimisiún níos mó a dhéanamh chun comhordú fioscach níos fearr a spreagadh;

27. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún éifeachtacht agus forfheidhmiú an nós imeachta um míchothromaíocht mhaicreacnamaíoch a fheabhsú mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar na rialacha fioscacha; ag tabhairt dá haire go n-aithnítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún na neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir cur i bhfeidhm na rialacha fioscacha agus na moltaí faoin nós imeachta um míchothromaíocht mhaicreacnamaíoch; ag tabhairt dá haire nach gcuimsítear i dteachtaireacht an 9 Samhain 2022 aon ionstraim lenar féidir na neamhréireachtaí sin a cheartú;

28. á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 gur gá an sásra forfheidhmithe agus a chur i bhfeidhm cuí a threisiú trí bheith ag brath ar shraith níos leithne smachtbhannaí; á iarraidh ar an gCoimisiún an bosca uirlisí sin a chomhlánú le cur chuige dreasacht-bhunaithe;

([14]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2015 dar teideal *Making the best use of the flexibility within the existing rules of the Stability and Growth Pact* [An úsáid is fearr a bhaint as an tsolúbthacht laistigh de na rialacha atá sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis] (COM(2015)0012).

([15]) COM(2022)0583.

([16]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0053.

29. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún gur cheart d'institiúidí fioscacha neamhspleácha ról tábhachtach a bheith acu i bpróiseas an rialachais eacnamaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún ról an Bhoird Fhioscaigh Eorpaigh i ndáil leis sin a shoiléiriú tuilleadh;

30. á mheabhrú go n-athdhearbhaítear sa Chomhaontú maidir le Reachtóireacht Níos Fearr go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ina gcáil mar chomhreachtóirí, a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú ar bhonn comhionann agus nach mór don Choimisiún, dá bhrí sin, déileáil leo ar mhodh comhionann agus urraim iomlán á tabhairt do na hinniúlachtaí a shainítear sna Conarthaí; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé go mbeadh an creat rialachais eacnamaíoch faoi réir cuntasacht dhaonlathach; á chur i bhfáth gur cheart dá bhrí sin go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach go hiomlán san athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch chomh maith leis an rialachas eacnamaíoch a bheidh ann amach anseo san Aontas; á chur i bhfáth ról agus freagracht na bparlaimintí náisiúnta maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhchoiteanna na rialtas náisiúnta; á iarraidh go ndéanfaí prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a urramú mar is gá;

o

o o

31. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.